Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 21 Lúnasa 2023**
**(OR. en)**

**12383/23**

**AGRI 467**
**AGRIFIN 97**
**AGRISTR 41**
**AGRILEG 160**
**AGRIORG 94**
**DELACT 110**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 21 Lúnasa 2023 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2023) 5365 final |
| Ábhar: | RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN an 10.8.2023 maidir le bearta éigeandála sealadacha lena maolaítear i leith na bliana 2023 ar fhorálacha áirithe de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/126 ón gCoimisiún lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, chun fadhbanna sonracha san earnáil torthaí agus glasraí a réiteach, fadhbanna arb é ba chúis leo teagmhais mheitéareolaíochta dhíobhálacha agus bearta a bhaineann leo |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2023) 5365 final.

---

Faoi iamh: C(2023) 5365 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 10.8.2023
C(2023) 5365 final

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 10.8.2023**

**maidir le bearta éigeandála sealadacha lena maolaítear i leith na bliana 2023 ar fhorálacha áirithe de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/126 ón gCoimisiún lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, chun fadhbanna sonracha san earnáil torthaí agus glasraí a réiteach, fadhbanna arb é ba chúis leo teagmhais mheitéareolaíochta dhíobhálacha agus bearta a bhaineann leo**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Leagtar síos rialacha maidir le hidirghabhálacha earnála san earnáil torthaí agus glasraí le Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 lena mbunaítear rialacha maidir le tacaíocht do phleananna straitéiseacha atá le tarraingt suas ag na Ballstáit faoin gcomhbheartas talmhaíochta (Pleananna Straitéiseacha CBT) agus le maoiniú ag an gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) agus ag an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1305/2013 agus (AE) Uimh. 1307/2013. Cumhachtaítear don Choimisiún leis an Rialachán sin freisin gníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme áirithe a ghlacadh.

Bunaithe ar an gcumhachtú sin, ghlac an Coimisiún, *inter alia*, Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/126 ón gCoimisiún an 7 Nollaig 2021.

I bhfianaise na dteagmhas meitéareolaíochta díobhálach dian a tharla i réigiúin roinnt Ballstát in earrach na bliana 2023, rinneadh dochar mór do tháirgeadh torthaí agus glasraí. Sa Spáinn, laghdaíodh an táirgeadh atá beartaithe i réigiún na Catalóine de 50 % ar a laghad mar gheall ar thriomach, agus scriosadh an táirgeadh i réigiún Emilia-Romagna na hIodáile de dheasca tuilte. Bhí tionchar tromchúiseach ag triomach freisin ar leibhéal an táirgthe agus ar a cháilíocht i roinnt réigiún sa Fhrainc agus sa Phortaingéil.

Dá bhrí sin, i ngeall ar nádúr na dteagmhas meitéareolaíochta díobhálach dian in earrach 2023 nach bhfacthas a leithéid riamh, is gá na deacrachtaí sin a fhuascailt trí mhaolú ar fhorálacha a bhaineann le ríomh luach an táirgthe mhargaithe a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/126 ón gCoimisiún is infheidhme san earnáil torthaí agus glasraí.

I bhfianaise nádúr na dteagmhas sin nach bhfacthas a leithéid riamh, is gá na deacrachtaí sin a fhuascailt trí mhaolú ar fhorálacha áirithe de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/126 is infheidhme san earnáil torthaí agus glasraí.

## 2. COMHAIRLIÚCHÁIN ROIMH GHLACADH AN GHNÍMH

Rinneadh comhairliúcháin, inar ghlac saineolaithe ó na 27 mBallstát ar fad páirt, laistigh den Ghrúpa Saineolaithe i dtaca le cur chun feidhme an Rialacháin maidir le Pleananna Straitéiseacha CBT arna bhunú faoi Rialachán (AE) Uimh. 2021/2115, go háirithe le linn chruinniú an 29 Meitheamh 2023. Leis na cruinnithe sin, bhíothas in ann smaointí ón gCoimisiún a chur i láthair maidir le raon feidhme an ghnímh tharmligthe agus na modhnuithe is gá ar Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/126 ón gCoimisiún, chomh maith le tuairimí a mhalartú leis na saineolaithe.

## 3. EILIMINTÍ DLÍ AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Maolaítear leis an ngníomh tarmligthe seo ar Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/126 ón gCoimisiún a mhéid a bhaineann le modh ríofa 'luach an táirgthe mhargaithe'.

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 10.8.2023**

**maidir le bearta éigeandála sealadacha lena maolaítear i leith na bliana 2023 ar fhorálacha áirithe de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/126 ón gCoimisiún lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, chun fadhbanna sonracha san earnáil torthaí agus glasraí a réiteach, fadhbanna arb é ba chúis leo teagmhais mheitéareolaíochta dhíobhálacha agus bearta a bhaineann leo**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 lena mbunaítear rialacha maidir le tacaíocht do phleananna straitéiseacha atá le tarraingt suas ag na Ballstáit faoin gcomhbheartas talmhaíochta (Pleananna Straitéiseacha CBT) agus le maoiniú ag an gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) agus ag an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1305/2013[1] agus (AE) Uimh. 1307/2013, agus go háirithe Airteagal 45, pointe (c), de,

(1) I bhfianaise na dteagmhas meitéareolaíochta díobhálach dian a tharla i réigiúin roinnt Ballstát in earrach 2023, rinneadh dochar mór do tháirgeadh torthaí agus glasraí. Sa Spáinn, laghdaíodh an táirgeadh atá beartaithe i réigiún na Catalóine de 50 % ar a laghad mar gheall ar thriomach, agus scriosadh an táirgeadh i réigiún Emilia-Romagna na hIodáile de dheasca tuilte. Bhí tionchar tromchúiseach ag triomach freisin ar leibhéal an táirgthe agus ar a cháilíocht i roinnt réigiún sa Fhrainc agus sa Phortaingéil.

(2) Dá bhrí sin, i ngeall ar nádúr na dteagmhas meitéareolaíochta díobhálach dian in earrach na bliana 2023 nach bhfacthas a leithéid riamh, is gá na deacrachtaí sin a fhuascailt trí mhaolú ar fhorálacha a bhaineann le ríomh luach an táirgthe mhargaithe a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/126[2] ón gCoimisiún is infheidhme san earnáil torthaí agus glasraí.

(3) Tá eagraíochtaí táirgeoirí leochaileach freisin maidir leis an gcur isteach agus an suaitheadh a tharla de dheasca na dteagmhas meitéareolaíochta díobhálach dian in earrach 2023 agus tá deacrachtaí airgeadais agus fadhbanna sreafa airgid acu de thairbhe laghdú nó scrios a dtáirgeachta. Tá tionchar díreach aige sin ar chobhsaíocht airgeadais eagraíochtaí táirgeoirí agus ar a gcumas cláir oibríochtúla a chur chun feidhme ní hamháin in 2023 ach sna blianta ina dhiaidh sin freisin, toisc go mbíonn tionchar ag luach na táirgeachta margaíochta le haghaidh 2023 ar ríomh an chúnaimh

[1] IO L 435, 6.12.2021, lch. 1.

[2] Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/126 ón gCoimisiún an 7 Nollaig 2021 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le ceanglais bhreise maidir le cineálacha áirithe idirghabhála arna sonrú ag na Ballstáit ina bPleananna Straitéiseacha CBT le haghaidh na tréimhse 2023 go 2027 faoin Rialachán sin mar aon le rialacha maidir leis an gcóimheas i dtaca le caighdeán 1 maidir leis an dea-riocht talmhaíochta agus comhshaoil (DRTC), (IO L 20, 31.1.2022, lch. 52).

airgeadais ón Aontas le haghaidh na mblianta ina dhiaidh sin. Tá sé sin ag dul i bhfeidhm a thuilleadh ar chumas na n-eagraíochtaí táirgeoirí bearta agus gníomhaíochtaí a thabhairt isteach lena ndírítear ar thionchair na géarchéime sin. Ina theannta sin, leis an laghdú ar luach an táirgthe mhargaithe de thairbhe teagmhais mheitéareolaíochta dhíobhálacha, déantar dochar do leanúnachas agus d'inmharthanacht chláir oibríochtúla na n-eagraíochtaí táirgeoirí san earnáil torthaí agus glasraí a bheidh ann amach anseo.

(4) Is gnách go mbíonn tionchar mór ag caillteanais ar luach an táirgthe mhargaithe san earnáil torthaí agus glasraí de thairbhe teagmhais mheitéareolaíochta dhíobhálacha ar mhéid na cabhrach ón Aontas a fhaigheann eagraíochtaí táirgeoirí sa bhliain ina dhiaidh sin, toisc go bhfuil méid na cabhrach ón Aontas le ríomh mar chéatadán de luach an táirgthe mhargaithe ag gach eagraíocht táirgeoirí. Dá dtarlódh caillteanas suntasach i luach an táirgthe mhargaithe in 2023, bheadh baol ann go gcaillfeadh eagraíochtaí táirgeoirí a n-aitheantas mar eagraíochtaí táirgeoirí, toisc go bhfuil ceann de na critéir maidir le haitheantas den sórt sin ag baint amach íosluach áirithe de tháirgeadh arna mhargú, arna shocrú ar an leibhéal náisiúnta. Bheadh cobhsaíocht fhadtéarmach na n-eagraíochtaí táirgeoirí i mbaol dá thairbhe. Dá bhrí sin, dá dtarlódh laghdú 35 % ar a laghad ar luach táirge in 2023 de thairbhe teagmhais mheitéareolaíochta dhíobhálacha in earrach 2023, agus dá dtarlódh sé sin lasmuigh de fhreagracht agus de rialú na n-eagraíochtaí táirgeoirí, ba cheart luach an táirgthe mhargaithe le haghaidh 2023 a bhunú mar 100 % de luach an táirgthe mhargaithe do mheán na gcúig thréimhse tagartha 12 mhí roimhe sin gan na luachanna is ísle agus is airde a áireamh, chun na caillteanais sin a fhritháireamh.

(5) I bhfianaise an ghá atá ann gníomhú láithreach, ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Maoluithe sealadacha ar Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/126**

De mhaolú ar Airteagal 32(3), pointe (b), de Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 2022/126, i gcás inar tharla laghdú 35 % ar a laghad ar an luach táirge de thairbhe teagmhais mheitéareolaíochta dhíobhálacha in earrach 2023 a thagann lasmuigh de fhreagracht agus de rialú na heagraíochta táirgeoirí, comhlachas eagraíochtaí táirgeoirí, measfar gurb é luach táirgthe mhargaithe an táirge sin in 2023 100 % de luach an táirgthe mhargaithe do mheán na gcúig tréimhsí tagartha 12 mhí roimhe sin, gan na luachanna is ísle agus is airde a áireamh.

Cruthóidh an eagraíocht táirgeoirí d'údarás inniúil an Bhallstáit lena mbaineann go bhfuil coinníollacha na chéad fhomhíre á gcomhlíonadh.

*Airteagal 2*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 10.8.2023

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*